QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014




www.QQI.ie

# CLÁR


| | |
|---|---|
| FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS | 3 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 4 - 5 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 6 - 7 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD | 8 - 9 |
| RÁITEAS AR NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 10 - 12 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 13 |
| RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA | 14 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 15 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID | 16 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 17 - 32 |

# FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis:** | 26/27 Lána Denzille<br>Baile Átha Cliath 2<br>Éire |
| **Ardfheidhmeannas:** | An Dr. Padraig Walsh - Príomhfheidhmeannach<br>Ms. Claire Byrne - Ceann na nGnóthaí Corparáideacha & na Cumarsáide<br>An Dr. Anna Murphy - Ceann na hAnailíse Straitéisí<br>Ms. Karena Maguire - Ceann na Seirbhísí um Dhearbhú Cáilíochta<br>An Dr. Bryan Maguire - Ceann na Seirbhísí Cáilíochtaí<br>Mr. Ultan Tuite - Ceann an Iniúchta & an tSoláthair<br>Ms. Trish O'Brien - Ceann an Chaidrimh le Soláthraithe<br>Ms. Barbara Kelly - Ceann na gComhpháirtíochtaí Tionscail & Seachtracha<br>Ms. Grainne Cullen - Ceann na Pleanála (ar iasacht ón ROS ón 4 Samh 2013) |
| **Comhaltaí an Bhoird:** | Mr. Gordon Clark – Cathaoirleach<br>An Dr. Barbara Brittingham<br>Ms. Una Buckley<br>An Dr. Margaret Cullen<br>Ms. Mary Danagher<br>An Dr. Ann Louise Gilligan<br>Ms. Joanne Harmon<br>Mr. James Moore<br>Mr. Kevin Donoghue<br>An Dr. Padraig Walsh – Príomhfheidhmeannach |
| **Banc:** | Banc AIB<br>1 Sráid Bhagóid, Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath 2<br><br>Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta<br>Áras an Chisteáin<br>Sráid na Canálach Móire Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Dlíodóirí:** | Brian Whitaker & Co Solicitors<br>4 Plás Dartmouth<br>Baile Átha Cliath 6 |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.qqi.ie |

# REPORT OF THE COMPTROLLER AND AUDITOR GENERAL

## QUALIFICATIONS AND QUALITY ASSURANCE AUTHORITY OF IRELAND

I have audited the financial statements of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland for the year ended 31 December 2014 under the Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprisethe statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared under Section 23 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

### Responsibilities of the members of the Authorities

The Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Authority's affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

### Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

### Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2014 and of its income and expenditure for the 2014.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

### Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has beend conducted.

I have nothing to report in regard to the matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan
For and on behalf of
Comptroller and Auditor General
11 December 2015

# STATEMENT ON INTERNAL FINANCIAL CONTROL

## RESPONSIBILITY FOR SYSTEM OF INTERNAL FINANCIAL CONTROL

On behalf of the members of the Board of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland, we acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal financial controls is maintained and operated.

The system of internal financial controls can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions are authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

## KEY CONTROL PROCEDURES

The Board has taken steps to ensure an appropriate control environment by:

- Scheduling regular meetings at which the Board was provided with regular updated reports of expenditure;
- Establishing an Audit Committee. Its terms of reference included ensuring systems that continually operate and enhance internal financial control;
- Clearly defining management responsibilities, with responding accountability;
- Monitoring and reporting on process;
- Adopting the principles of corporate governance contained in the Code of Practice for the Governance of State Bodies including:
    - Affirmation of compliance with procurement guidelines as set out in the Code.
    - Affirmation of compliance with disposal of assets and access to assets by third parties as set out in the Code.
    - Review and finalise policies and procedures to ensure the effectiveness of the systems of internal financial control.
    - Establishing formal procedures to monitor the activities and safeguard the assets of the organisation.

## RISK ASSESSMENT

Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland had established processes to identify and evaluate financial and business risks by:

- Identifying the nature and extent of financial risks that faced the Board.

- Assessing the potential of identified risks occurring.
- Evaluating and assessing the internal capacity of the Board to manage the risks that did occur.

## CONTROL MECHANISM

The system of internal financial controls is based on a framework of regular management information, a system of delegation and accountability, a set of financial procedures, administrative procedures including segregation of duties and rigorous ongoing checks by the finance function. In particular it includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget, which is reviewed and approved by the members of the Board.
- Setting authorisation limits for the disbursement of the Board's funds.
- Regular review by the members of the Board of periodic and annual financial information and reports (including management accounts), which indicate financial performance against budgets.

The Audit Committee was established in 2013. The Audit Committee met 3 times in 2014.

The Board's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal financial control was informed by the Internal Auditor, the Audit Committee which oversees the work of the Internal Auditor, and the executive managers within the organisation who had responsibility for the development and maintenance of the financial control framework.

Mechanisms for ensuring the adequacy of the security of the Information and Communication Technology (ICT) systems that included the establishment of appropriate policies and control procedures had been established.

## ANNUAL REVIEW OF CONTROLS FOR YEAR ENDED 31 DECEMBER 2014

We confirm that the Board conducted a review of the effectiveness of the system of internal financial control in respect of the financial year ended 31 December 2014.

Signed on behalf of the Board of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland:

____________________ Date: 27 November 2015

Gordon Clark
Chairperson

____________________ Date: 27 November 2015

Padraig Walsh
Chief Executive Officer

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 scoireadh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (an NQAI), Comhairle na nDámhachtainí

Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012 agus faoi théarmaí Chuid 8 aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na gcomhlachtaí oidhreachta chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann de réir an Achta.

Is iad seo a leanas cuspóirí an QQI:

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna
- Comhairle a chur ar an Aire i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhú agus feabhsú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna

Ceanglaíonn Alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an tÚdarás, mar a thugtar air) ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an tÚdarás dá ghnó.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith stádas airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann Bhord Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Dáta: 27 November 2015

Gordon Clark
Cathaoirleach

Dáta: 27 November 2015

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

# RÁITEAS AR NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### GINEARÁLTA

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Foráladh san Acht, leis, le haghaidh scor Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (an NQAI), Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012.

Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na gcomhlachtaí oidhreachta chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) de réir an Achta.

### AN BONN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir modh cuntasaíochta na bhfabhruithe cé is móite de na heisceachtaí a liostaítear thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo i gcoitinne faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad. Is é an Euro an t-aonad airgeadra.

### DEONTAS

Mínítear ioncam a thaispeántar sna cuntais faoi Dheontais ar bhonn fáltas airgid.

### IONCAM Ó THÁILLÍ

Is ionann ioncam a thaispeántar sna ráitis airgeadais faoi Ioncam ó Tháillí agus méideanna a sonrascadh do thríú páirtithe sa ghnáthchúrsa gnó.

### FORBAIRT BOGEARRAÍ

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais ar mhíreanna caipitil agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré ionchais ó dháta a gcur chun feidhme.

## TRÉIMHSE NA RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS FIGIÚIRÍ INCHOMPARÁIDE

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014. Baineann na nótaí comparáideacha agus gaolmhara sna ráitis airgeadais leis an tréimhse ó dháta an bhunaithe an 6 Samhain 2012 go dtí dheireadh na tréimhse 31 Nollaig 2013.

## SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dírí, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, agus iad coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach, thar a saolré ionchais:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Léasacha (Lána Denzille) | Thar thréimhse léasa 25 bliain |
| Áitreabh Léasach (Páirc Ghnó na Rinne Thoir) | 5.25% |
| CBL chaipitlithe ar Léas | Thar thréimhse léasa 21 bliain |
| Crua-earraí Ríomhaireachta | 33.33% |
| Bogearraí Ríomhaireachta | 12.5% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán Oifige | 10% |
| Daingneáin, Feisteas & Teileafón (Gníomhaireachtaí Oidhreachta) | 10% |

## CUNTAS CAIPITIL

Is ionann iarmhéid an Chuntais Chaipitil agus luach amúchta an deontais a fuarthas le haghaidh cuspóirí caiteachais chaipitil.

## AIRGEADRAÍ IASACHTA

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir na

rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conarthaí réamhcheannacháin nuair is ann do chonarthaí den sórt sin.

## PINSIN

Tá scéim pinsin sochair shainithe ranníocaíochtaí i bhfeidhm ag an Údarás, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne. Tá an scéim i bhfeidhm ar bhonn riaracháin, ar feitheamh ar cheadú ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tomhaistear dliteanais pinsin ar bhonn achtúireach leis an modh aonaid réamh-mheasta.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choimeádann an tÚdarás. Aithnítear méid atá comhionann

leis an muirear pinsin mar ioncam mhéid atá sé in-aisghafa, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh. Aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlána Aitheanta sa bhliain ina dtarlaíonn siad gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnamh ó thaithí agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tháinig an tAcht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 i bhfeidhm an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach leis Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair") a tháinig i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad gach fostaí nua de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a tháinig isteach san earnáil phoiblí den chéad uair ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN DÉ 31 NOLLAIG 2014

| | Nóta | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 31.12.2013 |
|---|---|---|---|
| IONCAM | | € | € |
| Deontas | 1 | 5,500,000 | 6,786,100 |
| Ioncam ó Tháillí | 2 | 4,914,990 | 3,705,367 |
| Ioncam ó iasachtaí foirne | 3 | 192,977 | 180,982 |
| Ioncam ó Thionscadail AE | 4 | 642,431 | 811,179 |
| Ioncam eile | 5 | 219,670 | 400,647 |
| Ús ar Thaiscí | | 1,564 | 3,584 |
| | | 11,471,632 | 11,887,859 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil | 18 | 633,902 | 269,157 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 25(b) | 1,930,000 | 2,030,000 |
| | | 14,035,534 | 14,187,016 |
| CAITEACHAS | | | |
| Costais Foirne | 6 | 7,551,758 | 8,600,157 |
| Costais Chóiríochta | 9 | 861,447 | 933,425 |
| Costais an Bhoird | 7 | 12,326 | 10,147 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 10 | 591,113 | 387,115 |
| QUALIFAX | 11 | 17,630 | 44,443 |
| Táillí agus Costais Taistil Painéal | 12 | 153,436 | 143,502 |
| Caiteachas Tionscadail EQAVET | 3(a) | 446,342 | 493,223 |
| Costais an Riaracháin Láir | 13 | 3,096,606 | 3,215,163 |
| Dímheas | 14 | 828,635 | 990,422 |
| Costais Chomhnasctha | | - | 784,803 |
| | | 13,559,293 | 15,602,400 |
| BARRACHAS/(EASNAMH) DON TRÉIMHSE | | 476,241 | (1,415,384) |
| Barrachas carntha ag tús na tréimhse | | 338,192 | - |
| Cúlchistí a aistríodh ó ghníomhaireachtaí oidhreachta | | - | 1,753,576 |
| BARRACHAS CARNTHA | | 814,433 | 338,192 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28. Le gníomhaíochtaí leanúnacha don bhliain a bhaineann gach ioncam agus caiteachas.

Gordon Clark
Cathaoirleach

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 27 November 2015

# RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nóta | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| BARRACHAS/(EASNAMH) DON TRÉIMHSE AIRGEADAIS | | 476,241 | (1,415,384) |
| Caillteanais ó thaithí ar an scéim pinsin | | 1,130,000 | 2,000,000 |
| Athruithe ar thoimhdí ar a bhfuil luach reatha dhliteanais na scéime pinsin bunaithe | | - | 673,000 |
| Gnóthachain achtúireachta ar dhliteanais pinsin | | 1,606,241 | 1,257,616 |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin | | (1,130,000) | (2,673,000) |
| | | 476,241 | (1,415,384) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

Gordon Clark
Cathaoirleach

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 27 November 2015

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2014

| | Nóta | Amhail ar 31 Nollaig 2014 | Amhail ar 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | 15 | 3,530,415 | 4,164,317 |
| | | | |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 16 | 1,958,260 | 1,518,950 |
| Airgead tirim ar láimh agus sa bhanc | | 719,755 | 827,316 |
| | | 2,678,015 | 2,346,266 |
| | | | |
| CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN) | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 17 | (1,277,660) | (2,008,074) |
| Soláthar | 24 | (585,922) | - |
| | | (1,863,582) | (2,008,074) |
| | | | |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 814,433 | 338,192 |
| | | | |
| IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN | | 4,344,848 | 4,502,509 |
| | | | |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 25(e) | 26,200,000 | 25,398,958 |
| Dliteanais Pinsin | 25(e) | (26,200,000) | (25,398,958) |
| | | | |
| IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA | | 4,344,848 | 4,502,509 |
| | | | |
| CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ | | | |
| Cuntas Caipitil | 18 | 3,530,415 | 4,164,317 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 814,433 | 338,192 |
| | | 4,344,848 | 4,502,509 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

Gordon Clark
Cathaoirleach

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 27 November 2015

# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nóta | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.12 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Bharrachais/(Easnaimh) leis an nglan-as-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 476,241 | (1,415,384) |
| Aistriú ó chuntas caipitil chun ceannach sócmhainní a mhaoiniú | 18 | 194,733 | 841,223 |
| Dímheas curtha de mhuirear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 828,635 | 1,110,296 |
| Amúchadh an deontais chaipitil | 18 | (828,635) | (1,110,296) |
| (Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | - | (121) |
| Méideanna a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní | 18 | - | (84) |
| (Méadú) ar fhéichiúnaithe | 16 | (439,310) | (1,518,950) |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe | 17/24 | (144,492) | 2,008,074 |
| Ús bainc faighte | | (1,564) | (3,584) |
| **Glan insreabhadh/(eas-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **85,608** | **(88,826)** |
| | | | |
| **RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID** | | | |
| Glan-eas-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 85,608 | (88,826) |
| **Caiteachas caipitiúil** | | | |
| Íocaíochta chun sócmhainní seasta a fháil | 15 | (194,733) | (841,223) |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta | | - | 206 |
| **Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | | | |
| Ús bainc faighte | | 1,564 | 3,584 |
| Aistrithe ó ghníomhaireachtaí oidhreachta (seachas airgead tirim) | | - | (1,233,461) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim** | | **(107,561)** | **(2,159,720)** |
| | | | |
| **Réiteach na nglansreafaí airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí** | | | |
| Méadú/(Laghdú) in airgead tirim sa tréimhse | | (107,561) | (2,159,720) |
| | | | |
| Glanchistí ag tús na tréimhse | | 827,316 | 2,987,036 |
| Glanchistí ag deireadh na tréimhse | | 719,755 | 827,316 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

Gordon Clark
Cathaoirleach

Padraig Walsh
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 27 November 2015

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **1. DEONTAS** | € | € |
| Deontas i leith Riaracháin – An Roinn Oideachais agus Scileanna – Vóta 26: Fo-mhírcheann B.6 | | |
| Pá | 3,177,000 | 3,271,000 |
| Neamhphá | 4,048,000 | 4,145,000 |
| Leithdháileadh deontais nár tarraingíodh | (1,725,000) | (629,900) |
| | 5,500,000 | 6,786,100 |

| | Period from 1.1.2014 to 31.12.2014 | Period from 6.11.2012 to 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **2. IONCAM Ó THÁILLÍ** | € | € |
| Táillí Dámhachtana | 3,086,436 | 3,287,219 |
| ACELS | 288,471 | 262,947 |
| Cóipeanna de Dheimhnithe | 78,315 | 33,021 |
| Táillí Bailíochtaithe | 361,768 | 122,180 |
| Táillí Caidrimh | 1,100,000 | - |
| | 4,914,990 | 3,705,367 |

## TÁILLÍ DÁMHACHTANA

Is é an QQI an comhlacht náisiúnta dámhachtana le haghaidh cúrsaí creidiúnaithe arna rith ag coláiste aitheanta breisoideachais agus ardoideachais. Tá sceideal táillí ceadaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus bailíonn na coláistí cuí breisoideachais agus ardoideachais táillí ó iarrthóirí agus íoctar iad leis an QQI. Tá critéir áirithe ann faoina ndíolmhaítear íocaíochtaí de tháillí, lena n-áirítear do shealbhóirí cártaí leighis, mic léinn Fhoróige nó VTOS agus iarrthóirí ar dhámhachtainí Leibhéil 1 go 3 den CNC.

## TÁILLÍ BAILÍOCHTAITHE

Cuireann soláthraithe poiblí agus príobháideacha cláir bhailíochtaithe ar fáil as a leanann dámhachtainí an Údaráis. I gcásanna áirithe, cuirtear cláir ardoideachais agus oiliúna ar fáil i dtíortha lasmuigh d'Éirinn.

## CREIDIÚNÚ AGUS COMHORDÚ SEIRBHÍSÍ BÉARLA (ACELS)

Is scéim dheonach aitheantais don Bhéarla é ACELS, a riarann an QQI ar bhonn conarthach.

## TÁILLÍ CAIDRIMH

Gearrtar táillí caidrimh ar ollscoileanna poiblí agus institiúidí teicneolaíochta as seirbhísí a chuireann an QQI ar fáil, ar nós seirbhísí um dhearbhú cáilíochta. Faoi Alt 80 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 is gá ceadú a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil chun táillí den sórt sin a ghearradh. Fuarthas ceadú i nDeireadh Fómhair 2013 agus cuireadh tús le táillí a bhailiú i 2014.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11 2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| 3. IONCAM Ó THIONSCADAIL AE | € | € |
| An QQI le haghaidh an Ionaid Náisiúnta Europass | 25,725 | 59,886 |
| EQF | 26,706 | 92,546 |
| EQAVET | 590,000 | 658,747 |
| | 642,431 | 811,179 |

## AN tIONAD NÁISIÚNTA EUROPASS

Is tionscnamh AE é an tIonad Náisiúnta Europass trína bhféachtar le cabhrú le daoine a gcuid scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh sothuigthe san Eoraip chun luaineacht foghlaimeoirí agus oibrithe a éascú.

Bunaíodh líonra d'Ionaid Náisiúnta Europass ar fud na hEorpa chun an tionscnamh seo a chomhordú. Is é an QQI an tIonad Náisiúnta Europass ainmnithe in Éirinn.

Ba é €96,677 an caiteachas a thabhaigh an QQI i dtaca le Europass agus mhaoinigh an AE €25,725 de sin.

## EQAVET

Chuir Rúnaíocht EQAVET tús i 2010 leis an obair maidir le treoirlínte Eorpacha um Dhearbhú Cáilíochta a chur chun feidhme. Bhronn an Coimisiún Eorpach an conradh trí bliana bunaidh ar FETAC tar éis comórtas tairiscintí. Athnuaitear an conradh go bliantúil. Maoiníonn Coimisiún an AE réamhíocaíocht ar an gconradh is déanaí agus íoctar an t-iarmhéid an bhliain dár gcionn tar éis cuntais agus tuairisc ar ghníomhaíochtaí a chomhdú le Coimisiún an AE.

## EQF

Is é an QQI Pointe Náisiúnta Comhordaithe an Chreata Eorpaigh Cáilíochtaí (EQF) in Éirinn. I gceist anseo tá rannpháirtíocht i bhforbairt an EQF agus an bheartais ghaolmhar ar leibhéal Eorpach agus cur chun feidhme bheartas an EQF ar an leibhéal náisiúnta. Déanann an EQF iarratas bliantúil ar chúnamh airgeadais chun bearta aontaithe a chur chun feidhme mar EQF-NCP faoi Chlár Oideachais Erasmus_ an AE.

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| 3a. IONCAM TIONSCADAIL EQAVET | € | € |
| Coimisiún | 590,000 | 658,747 |
| CAITEACHAS TIONSCADAIL EQAVET | | |
| Tuarastail agus Pá | 212,116 | 261,560 |
| Cláir | 234,226 | 231,663 |
| | 446,342 | 493,223 |

| b. Nóta 3 ar leanúint... | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáltais ón gCoimisiún AE agus ó bhallstáit rannpháirteacha | 590,000 | 658,747 |
| Ioncam leithdháilte chun caiteachas a chlúdach | (446,342) | (493,223) |
| Ranníocaíocht aitheanta d'fhorchostais an QQI ag deireadh na tréimhse | 143,658 | 165,524 |

| 4. IONCAM Ó IASACHTAÍ FOIRNE | Period from 1.1.2014 to 31.12.2014 | Period from 6.11.2012 to 31.12.2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó Iasachtaí | 192,977 | 180,982 |
| | 192,977 | 180,982 |

Baineann an t-ioncam seo le beirt bhall d'fhoireann Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a athlonnaíodh go buan trí shocrú iasachtaithe chuig Institiúid Teicneolaíochta Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Déantar a gcostais tuarastail a athchur de mhuirear ar an Údarás ar bhonn míosúil.

| 5. IONCAM EILE | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús ar Íocaíochtaí Pras | 790 | 173 |
| Fáltais Pinsin na bhFostaithe | 1,607 | 49,171 |
| Ioncam Cíosa ón Rinn Thoir | 121,276 | 133,607 |
| Muirear Seirbhíse na Rinne Thoir Athmhuireartha | 84,888 | 100,045 |
| Measúnú ar Fhaoiseamh Cánach | - | 12,000 |
| Éileamh árachais | - | 70,000 |
| Ioncam eile | 11,109 | 35,651 |
| | 219,670 | 400,647 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Nóta | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|---|
| **6. COSTAIS FOIRNE** | | | |
| Tuarastail agus Pá | | 5,095,645 | 6,269,756 |
| Forbairt agus Costais Foirne | | 119,157 | 81,835 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 96,497 | 62,891 |
| Pinsin | 25(c) | 2,140,406 | 2,166,247 |
| Foireann ar Conradh / Sealadach | | 11,501 | 5,289 |
| Iasachtaí | | 84,665 | 100,988 |
| Cúnamh Oideachais | | 3,318 | 16,565 |
| Caidreamh Foirne | | 569 | 5,702 |
| Costais Chomhtháthaithe | | - | (109,116) |
| | | 7,551,758 | 8,600,157 |

Asbhaineadh €298,404 de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na tréimhse.

Ba é 78 meánlíon na bhfostaithe i gcaitheamh na bliana. (2013:78) Ba é 78 líon an ECF ag deireadh na bliana. (2013:78)

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|
| **7. COSTAIS AN BHOIRD** | | |
| Fruiliú Seomraí agus Cruinnithe | - | 5,687 |
| Costais oiliúna an Bhoird | 1,040 | - |
| | | |
| <u>Comhaltaí an Bhoird – Taisteal agus Cothabháil</u> | 3,604 | 388 |
| Taisteal Intíre | 6,716 | 3,526 |
| Taisteal Thar Sáile | 436 | 109 |
| Cothabháil/Béilí | 530 | 437 |
| Cóiríocht | 11,286 | 4,460 |
| | 12,326 | 10,147 |

Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2014.

San áireamh i gcostais 2014 le comhaltaí an Bhoird bhí €1,118 d'éilimh maidir le costais a tabhaíodh i dtréimhsí cuntasaíochta roimhe seo.

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **8. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | € | € |
| Buntuarastal sa tréimhse | 133,888 | 158,414 |
| Costas iomlán phacáiste iomlán luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh | 133,888 | 158,414 |

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach aon phá maidir le feidhmíocht sa tréimhse.

Ní ghabhann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireacha na hearnála poiblí.

Cuireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sciar de chostais tuarastail an Phríomhfheidhmeannaigh d'athmhuirear ar an Údarás. Ba é €88,505 an méid iomlán de thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh a aisíocadh le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa tréimhse. Léirítear an méid sin sa chostas tuarastail thuas.

Bhí €1,347 de chostais deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach i dtaca le Taisteal & Cothabháil (2013: €3,151).

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **9. COSTAIS CHÓIRÍOCHTA** | € | € |
| Cíos | | |
| - Lána Denzille | 346,000 | 398,652 |
| - An Rinn Thoir (Bloc P4B) | 405,000 | 405,000 |
| - IUQB-Sráid an Mhóta Íochtarach | 77,260 | 96,189 |
| - Soláthar dochraideach léasaigh | (283,723) | (283,723) |
| Muirir Sheirbhíse | 172,889 | 150,628 |
| Slándáil | 3,737 | 6,500 |
| Árachas | 17,115 | 15,668 |
| Solas agus teas | 32,921 | 33,601 |
| Glantachán | 45,496 | 52,526 |
| Rátaí | 3,327 | 24,975 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 41,425 | 39,529 |
| Costais Bhunaithe | - | 25,038 |
| Costais Chomhtháthaithe | - | (31,158) |
| | 861,447 | 933,425 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **10. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA** | € | € |
| Riachtanas scileanna ó phainéal saineolaithe | 146,567 | 99,667 |
| Seirbhísí Cuntasaíochta agus Iniúchta Inmheánaigh | 234,499 | 325,666 |
| Táillí Iniúchóireachta | 14,000 | 14,000 |
| Costais Dlí | 60,876 | 44,164 |
| Fógraíocht | 75,741 | 35,664 |
| Caidreamh poiblí | 33,018 | 30,305 |
| Cur chun cinn agus taispeántais | 17,714 | 20,530 |
| Teangacha agus aistriúchán | 8,698 | 6,074 |
| Costais Chomhtháthaithe | - | (188,955) |
| | 591,113 | 387,115 |

## 11. QUALIFAX

Soláthraíonn Qualifax faisnéis chuimsitheach ar bhreisoideachas agus ardoideachas mar aon le faisnéis is gá chun roghanna eolasacha a dhéanamh faoi roghanna oideachais, oiliúna agus gairme.

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **12. TÁILLÍ AGUS COSTAIS TAISTIL PAINÉAL** | € | € |
| Seirbhísí Cáilíochtaí | 28,643 | 26,635 |
| Seirbhís um Dhearbhú Cáilíochta | 124,793 | 116,867 |
| | 153,436 | 143,502 |

| 13. COSTAIS AN RIARACHÁIN LÁRNAIGH | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|
| Teileafón – Líne Thalún | 16,843 | 23,632 |
| Teileafón – Fóin phóca | 17,626 | 22,002 |
| Postas agus Cúiréir | 47,706 | 102,914 |
| Páipéarachas agus Stóras | 34,010 | 80,848 |
| Páir | 37,881 | 89,407 |
| Seimineáir agus Comhdhálacha | 35,067 | 66,037 |
| Leabharlann agus Tréimhseacháin | 10,776 | 3,979 |
| Síntiúis | 24,923 | 26,683 |
| Foilseacháin | 95,835 | 39,923 |
| Ceaintín | 15,729 | 20,123 |
| Costais Cruinnithe | 42,956 | 52,375 |
| Léas/Fruiliú Trealamh Oifige | 12,657 | 78,240 |
| Gnáthchostais Oifige | 10,728 | 9,650 |
| Cothabháil agus Tacaíocht do Bhogearraí IT | 232,215 | 326,728 |
| Caiteachas ar Bhogearraí IT/Ceadúnú (Faoi (€1,000) | 47,435 | 8,986 |
| Seirbhísí Gréasáin IT* | 103,147 | 18,550 |
| Comhláithreacha/Óstáil IT* | 125,120 | 57,485 |
| Soláthairtí Crua-earraí Ríomhaireachta IT (Faoi €1,000) | 15,661 | 19,945 |
| Conraitheoirí Soláthar Bogearraí* | 1,360,156 | 1,441,453 |
| Seirbhísí Bainistithe (HP & ISS) | 741,061 | 1,029,483 |
| Tacaíocht agus Cothabháil Crua-earraí IT | 41,468 | 13,341 |
| Táillí Bainc | 1,875 | 2,683 |
| Éagsúlacht sa Ráta Malairte | 8 | - |
| Fótachóipeáil | 20,623 | 12,407 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | (121) |
| Urraíocht agus Bronntanais | 5,100 | - |
| Costais Taighde Costais Chomhtháthaithe | - | 4,110 |
| Costais Chomhtháthaithe | - | (335,700) |
| | 3,096,606 | 3,215,163 |

*Tugann an QQI teacht ar a chóras QBS do bhreis is 700 sealbhóir cuntais soláthraí a mbíonn caidreamh acu leis i dtaca le haighneachtaí le haghaidh seirbhísí dámhachtainí agus deimhnithe, trína bhfaightear teacht ar fhaisnéis chothrom le dáta agus trína gcuirtear ceisteanna isteach trí chóras CRM.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| **14. DÍMHEAS** | € | € |
| Dímheas Trealamh Oifig | 24,054 | 30,070 |
| Dímheas Crua-earraí IT | 142,565 | 154,722 |
| Dímheas Dhaingneáin agus Feisteas Oifige | 27,879 | 67,519 |
| Dímheas Léasachta Foirgnimh | 26,249 | 106,751 |
| Dímheas Bogearraí IT | 500,717 | 631,360 |
| Dímheas Costais Feistithe | 107,171 | 119,874 |
| Costais Chomhtháthaithe | - | (119,874) |
| | 828,635 | 990,422 |

## 15. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Réadmhaoin Léasacht | Costais Feistiú | Troscán Oifig | Trealamh Oifige | Crua-earraí IT | Bogearraí IT | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2014 | 2,487,710 | 1,034,517 | 486,112 | 270,398 | 874,423 | 4,361,334 | 9,514,494 |
| Breiseanna | - | 37,191 | 2,020 | 8,782 | 108,515 | 38,225 | 194,733 |
| Diúscairtí | - | - | - | (15,719) | - | - | (15,719) |
| Amhail ag 31 Nollaig 2014 | 2,487,710 | 1,071,708 | 488,132 | 263,461 | 982,938 | 4,399,559 | 9,693,508 |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2014 | 2,327,945 | 119,874 | 377,268 | 184,924 | 723,361 | 1,616,805 | 5,350,177 |
| Muirear don bhliain | 26,249 | 107,171 | 27,879 | 24,054 | 142,565 | 500,717 | 828,635 |
| Diúscairtí | - | - | - | (15,719) | - | - | (15,719) |
| Amhail ag 31 Nollaig 2014 | 2,354,194 | 227,045 | 405,147 | 193,259 | 865,926 | 2,117,522 | 6,163,093 |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | | | |
| Amhail ag 31 Nollaig 2014 | 133,516 | 844,663 | 82,985 | 70,202 | 117,012 | 2,282,037 | 3,530,415 |
| Amhail ag 31 Nollaig 2013 | 159,765 | 914,643 | 108,844 | 85,474 | 151,062 | 2,744,529 | 4,164,317 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

| | Amhail ar 31 Nollaig 2014 | Amhail ar 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| **16. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ** | € | € |
| Féichiúnaithe | 1,037,437 | 711,531 |
| Réamhíocaíochtaí | 336,962 | 331,324 |
| Ioncam Fabhraithe | 67,169 | 70,154 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí EQAVET | 516,692 | 405,941 |
| | 1,958,260 | 1,518,950 |

| | Amhail ar 31 Nollaig 2014 | Amhail ar 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| **17. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE** | € | € |
| Creidiúnaithe | - | 11,787 |
| Fabhruithe agus Soláthairtí | 1,110,831 | 1,427,938 |
| ÍMAT/ÁSPC | 137,950 | 141,328 |
| Asbhaintí Párolla | 10,570 | 409,911 |
| Cáin Shiarchoinneálach Sheirbhísí Gairmiúla | 12,723 | 10,100 |
| Cáin Bhreisluacha | 586 | 7,010 |
| Ioncam Iarchurtha | 5,000 | - |
| | 1,277,660 | 2,008,074 |

| | Amhail ar 31 Nollaig 2014 | Amhail ar 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| **18. CUNTAS CAIPITIL** | € | € |
| Sócmhainní a aistríodh ó ghníomhaireachtaí oidhreachta | - | 4,433,474 |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | 4,164,317 | - |
| Deontas a úsáideadh chun sócmhainní seasta a fháil | 194,733 | 841,223 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (828,635) | (1,110,296) |
| Diúscairt sócmhainní seasta | - | (84) |
| Aistriú ó chuntas caipitil | (633,902) | (269,157) |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | 3,530,415 | 4,164,317 |

## 19. LÉAS OIBRIÚCHÁIN

Lána Denzille

Tá gealltanais ag an Údarás atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2023 i dtaca le léas 21 bhliain le haghaidh cóiríocht oifige ag 26-27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2. Déantar athbhreithniú cíosa gach 6 bliana agus is é €346,000 sa bhliain an cíos reatha.

Páirc Ghnó na Rinne Thoir

Tá léas suas go dtí an bhliain 2027 ag an Údarás, le clásal scoir a bheidh éifeachtach i 2017, maidir le cóiríocht oifige ag Páirc Ghnó na Rinne Thoir, Baile Átha Cliath 3. Is é €405,000 costas bliantúil an léasa seo (gan muirir sheirbhíse san áireamh) ag éirí as 3% de mhéadú in athbhreithniú cíosa a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2008.

Le linn 2011, chinn Bord Eatramhach an Údaráis (ag éirí as an bpleanáil a rinneadh maidir le cónascadh na dtrí ghníomhaireacht) an ghníomhaireacht nua, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, agus a fhoireann a lonnú i Lána Denzille (áitreabh HETAC, mar a bhí) agus i bhfotheach ag Sráid an Mhóta (iar-áitreabh Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann, tráth). Chinn an Bord, an uair sin, leis, an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne Thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017.

Bhí FETAC (an QQI anois) tar éis dul isteach i gcomhaontú ar phraghas an mhargaidh maidir leis an áitreabh seo, comhaontú a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 2012 go ceann Bealtaine 2017. Is ionann agus €121,177 sa bhliain an t-ioncam cíosa ón gcomhaontú foléasa. Cuirfear d’athmhuirear ina n-iomláine costas na muirear seirbhíse faoin léas.

Ag éirí as cinneadh an Bhoird Eatramhaigh chun an clásal scoir sa léas maidir le Páirc Ghnó na Rinne thoir a fheidhmiú i mBealtaine 2017, tá €844,122 de sholáthar dochraideach léasa déanta ag Bord an QQI maidir leis an nglanchíos a bheidh íníoctha ar an áitreabh as seo go 2017. Tá an soláthar san áireamh sna Creidiúnaithe (Nóta 17).

## 20. GEALLTANAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon ghealltanas caipitil ag 31 Nollaig 2014.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

## 21. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ag éirí as cosaint rathúil a rinneadh ar bheart athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh FETAC agus ceithre chomhlacht stáit eile a éisteadh san Ard-Chúirt in Eanáir 2013 (tugadh an breithiúnas in Aibreán 2013), sheirbheáil an dlíthí Fógra Achomhairc ar an gCúirt Uachtarach i mBealtaine 2013 in aghaidh an bhreithiúnais sin. An chomhairle a tugadh do FETAC (an QQI anois) ná go bhféadfadh sé suas le trí bliana a thógáil an t-achomharc seo a éisteacht.

Aithníonn FETAC (an QQI anois) gur cheart aon chostais a d'fhéadfadh teacht chun cinn (nach féidir a mheas le haon chinnteacht faoi láthair) i gcás Achomhairc a rachadh ar aghaidh a nochtadh mar dhliteanas teagmhasach ina Ráitis Airgeadais go dtí nach mbeidh gá é sin a dhéanamh a thuilleadh.

## 22. CÁIN CHORPARÁIDE

Ní dhlitear cáin chorparáide ar an Údarás.

## 23. COMHALTAÍ AN BHOIRD – NOCHTADH IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna a nochtfadh comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbheart ann maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbheach ag comhalta ar bith.

## 24. SOLÁTHAR

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 scoireadh Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais (HETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais (FETAC) le héifeacht ón 5 Samhain 2012. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus oibleagáidí na gcomhlachtaí oidhreachta chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) de réir an Achta.

Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna cás faoi bhráid an QQI ina ndearnadh pinsean a íoc go siarghabhálach le hiarchéile chomhalta nach maireann den Chomhairle Náisiúnta um Dhámhachtainí Oideachais (NCEA). I gcinneadh a rinne an Ard-Chúirt le deireanas, in achomharc a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in aghaidh chinneadh Ombudsman na bPinsean sa chás, fuarthas i bhfabhar Ombudsman na bPinsean.

Is é an toradh ar rialú na hArd-Chúirte gur chóir go mairfeadh cinneadh Ombudsman na bPinsean den 8 Deireadh Fómhair 2013 ina n-ordaítear don Chomhairle Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) tús a chur le híoc phinsean an chéile leis an duine i gceist. Tá €185,922 de sholáthar, arb ionann é agus íocaíochtaí cnapshuime agus pinsin i 2015 le hiarfhoireann HETAC/NCEA, déanta sna ráitis airgeadais.

Ag deireadh bliana an 31 Nollaig 2014, rinne iarphinsinéir ó FETAC (an QQI anois) éileamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh chinneadh an Údaráis maidir le sochair scoir a dhámhachtain. Rinneadh soláthar de €400,000, arb ionann é agus costas measta an éilimh sin, sna ráitis airgeadais.

## 25. COSTAIS PINSIN

### a. SCÉIM PINSIN

Oibríonn an tÚdarás scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear i gcás nochtaí FRS 17 ar luach iomlán achtúireach ag achtúire neamhspleách cáilithe chun riachtanais FRS 17 a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2014. Is iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh faoi FRS 17:

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|
| Ráta lascainithe | 5.5% | 5.5% |
| Toimhdí maidir le hardú tuarastail | 4.0% | 4.0% |
| Toimhdí maidir le hardú pinsin | 4.0% | 4.0% |
| Boilsciú praghsanna | 2.0% | 2.0% |

### b. GLANMHAOINIÚ IARCHURTHA LE hAGHAIDH PINSEAN SA BHLIAIN

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 € | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 € |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghafa maidir le costais pinsin na bliana reatha | 2,500,000 | 2,600,000 |
| Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc | (570,000) | (570,000) |
| | 1,930,000 | 2,030,000 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

## c. ANAILÍS AR CHOSTAIS IOMLÁNA PINSIN A GEARRADH AR CHAITEACHAS

| | An tréimhse ó 1.1.2014 go 31.12.2014 | An tréimhse ó 6.11.2012 go 31.12.2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas reatha seirbhíse | 1,100,000 | 1,200,000 |
| Ús ar dhliteanais na Scéime Pinsin | 1,400,000 | 1,400,000 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntas fostaithe a coinníodh | (359,594) | (433,753) |
| | 2,140,406 | 2,166,247 |

## d. SÓCMHAINN MAOINITHE IARCHURTHA LE hAGHAIDH PINSEAN

Aithníonn an tÚdarás méideanna atá le híoc ag an Stát maidir le dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe i gcás pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá caite. Áirítear ar na himeachtaí sin tacú reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear próiseas na meastachán bliantúil. Bíodh is nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus mar sin níl aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna áirithe seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo den mhéid seo a chlúdach go leanúnach, ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Ba é €26,200,000 an tsócmhainn iarchurtha pinsin amhail ag 31 Nollaig 2014.

e. GLUAISEACHT I NGLANDLITEANAS PINSIN SA TRÉIMHSE AIRGEADAIS

| | Amhail ag 31 Nollaig 2014 | Amhail ag 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas pinsin aistrithe ó ghníomhaireachtaí | 25,400,000 | 26,041,958 |
| Costas reatha seirbhíse | 1,100,000 | 1,200,000 |
| Costais úis | 1,400,000 | 1,400,000 |
| Caillteanas / (gnóthachan) achtúireach | (1,130,000) | (2,673,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (570,000) | (570,000) |
| Glandliteanas pinsin ag deireadh na tréimhse | 26,200,000 | 25,398,958 |

f. STAIR NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS Ó THAITHÍ

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 26,200,000 | 25,398,958 |
| | | |
| Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais na scéime | | |
| Méid (€) | 1,130,000 | 2,000,000 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 4% | 8% |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

## 26. TRÉIMHSE CHUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014. Baineann na nótaí comparáideacha agus gaolmhara sna ráitis airgeadais leis an tréimhse ó dháta an bhunaithe an 6 Samhain 2012 go dtí dheireadh na tréimhse 31 Nollaig 2013.

## 27. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh athruithe áirithe ar chur i láthair na míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athaicmiú nuair ba ghá ar bhonn atá comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha.

## 28. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh Údarás Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann na ráitis airgeadais ag a chruinniú den 27 Samhain 2015.